Daidí na Nollag



Áine Ní Ghlinn agus Mr Ando

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón fhoilsitheoir.

An Chéad Chló © 2020 An tSnáthaid Mhór
An téacs © 2020 Áine Ní Ghlinn
Maisiú © 2020 Andrew Whitson
Dearadh © 2020 Andrew Whitson

An tSnáthaid Mhór
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
216 Bóthar na bhFál
An Cheathrú Ghaeltachta
Béal Feirste
BT12 6AH

www.antsnathaidmhor.com

An tSnáthaid Mhór

Daidí na Nollag

Áine Ní Ghlinn agus Mr Ando

Tá gach uile rud
Sa charr sleamhnáin
Gach bréagán déanta
Gach mála lán


Daidí na Nollag
Ag ticeáil lena pheann
Ag seiceáil an liosta
An bhfuil gach rud ann?

Liathróid do Shile
Cluiche do Mháirtín
Scútar d'Aisling
Bricí do Chian

Camán agus sliotar
Do Shiobhán
Giotár do Rebecca
Péint do Sheán



Teidí beag álainn
Do Dhaire óg
Na milte leabhar
Na céadta bábóg

Mireanna mearaí
Agus gligíní
Milséain, seacláid
Agus stáisiúin spraoi



Tá gach rud ann
Tá na síofraí ar bís
Téann Daidí na Nollag
Tríd an liosta arís



Sceitimini anois
Ar na fianna rua
Rudolf ag baint ceoil
As a chloigín nua

É ag crúbáil na talún
É réidh le himeacht
A Dhaidí na Nollag?
An bhfuil tú ag teacht?



Seo chugainn anois é
Lena Hó Hó Hó
Ar aghaidh linn anois
Ar aghaidh linn go beo

Suas, suas, suas
In airde leo sa spéir
Suas, suas, suas
Go hard san aer

An bhfeiceann tú anois iad
Ag dul thar an ngealach?
Seo chugainn Daidí na Nollag
Fágaigí an bealach

Thart timpeall an domhain
In aon oíche amháin
Daidí na Nollag
Ina charr sleamhnáin



An gcloiseann tú an torann?
An gcloiseann tú an gleo?
An gcloiseann tú anois
An Hó Hó Hó ?

Tá na páistí ina gcodladh
Gach duine ina luí
Ach céard é sin
Ar dhíon an tí?

Cé tá ag teacht
Anuas an simléar?
Bréagáin aige
Do na páistí go léir

Bronntanais aige
Is féirín
Go luath ar maidin
Beidh spórt is spraoi







Suas leis arís
In airde sa spéir
Timpeall an domhain
An domhan go léir

A haon, a dó
A haon a dó a trí
An gcloiseann tú
Ceol na gcloigíní?

A trí, a ceathair
A cúig, a sé
Daidí na Nollag
Hip! Hip! Huiré!